C/2026/2085

7.4.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12340 — MOTHERSON / NEXANS AUTOELECTRIC)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/2085)

1. An 25 Márta 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Motherson Global Investments B.V. ('MGI', an Ísiltír)), faoi úinéireacht an ghrúpa Samvardhana Motherson ('Motherson', an India),

— Nexans autoelectric GmbH ('Nexans autoelectric', an Ghearmáin), faoi rialú Nexans S.A. (an Fhrainc).

Gheobhaidh MGI rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Nexans ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá MGI mar chuid de Motherson, ar táirgeoir agus soláthróir éagsúlaithe de raon leathan comhpháirteanna mótarfheithiclí é, lena n-áirítear úmacha sreinge, modúil inmheánacha agus sheachtracha mótarfheithiclí, córais radhairc chúil mótarfheithiclí, páirteanna agus cóimeálacha plaisteacha múnlaithe, uirlisí múnlaithe insteallta, comhpháirteanna rubair múnlaithe agus easbhrúite, córais soilsithe, leictreonaic, miotail bheachta agus modúil,

— Déanann Nexans autoelectric réitigh úma sreangaithe a dhearadh agus a mhonarú go huathoibríoch don tionscal gluaisteán den chuid is mó.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12340 — MOTHERSON / NEXANS AUTOELECTRIC

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË